

Ar son na Gaolainne – le chéile!

Frank Milling

Tar éis mhéadú na Bealtaine, beidh 20 teanga oifigiúil ag an Aontas Eorpach. Ní áireofar Gaeilge. Leasófar dlí an AE (Rialachán Comhairle 1/1958) chun Eastóinis, Laitvis, Liotuáinis, Polainnis, Seicis, Slóvacais, Ungáiris, Slóivéinis agus Máltais (teanga go bhfuil c.380,000 cainteoirí aici ar nós na Gaolainne) a chur isteach.

Following the accession in May, the EU shall have 20 official languages. Irish will not be included. EU law (Council Regulation 1/1958) shall be amended to insert Estonian, Latvian, Lithuanian, Polish, Czech, Slovak, Hungarian, Slovene and Maltese (which, similar to Irish, has c.380,000 speakers).

Cén dochar gan an Ghaeilge a bheith ina teanga oifigiúil den AE?

What are the implications of Irish not being an official EU language?

- 1. Aistreofar dlithe an Aontais agus doiciméid oifigiúla isteach sna teangacha oifigiúla nua. Ní foláir dlithe a achtaíonn an tOireachtas a chur amach I nGaeilge agus I mBéarla. Cé go gcuirtear dlithe an AE i bhfeidhm go díreach in Éirinn, ní chaithfear iad (seachas conarthaí) a chur amach as Gaeilge.**
 - 1. EU laws and official documents shall be translated into the new official languages. Laws enacted by the Oireachtas must be issued in Irish and English. Although EU law is directly enforceable in Ireland, the EU is not obliged to issue European laws (except treaties) in Irish.*
 - 2. Bíonn postanna in institiúidí an AE oscailte do shaoránaigh an Aontais a bhfuil dhá cheann (nó níos mó) de theangacha oifigiúla an AE acu. Fágtar an tÉireannach faoi mhíbhuntáiste mar ní thugtar Gaeilge san áireamh.**
 - 2. Whenever job opportunities with EU institutions arise, these are open to EU citizens who can speak 2 (or more) official EU languages. Irish citizens applying for such jobs are disadvantaged as Irish is disregarded*
 - 3. Fostóidh an tAontas 110 aistreoirí agus 40 teangairí sa bhreis i gcomhair gach teanga oifigiúil nua. Dá mbeadh Gaeilge san áireamh, bheadh deiseanna fostaíochta ann dá réir d'Éireannaigh. Ba ghá freisin Gaeilge a chur ar riaráistí na ndlithé Eorpacha reatha gan aistriú idir dhá am.**
 - 3. For each new official language, the EU shall engage 100 new translators and 40 new interpreters. Were Irish included, such employment opportunities would present themselves for Irish people. Arrears of current applicable European law would also need to be translated in Irish in the interim.*

Níl lucht na Gaeilge sa choláiste seo sásta le seo in aon chor. Is féidir linn ana-chuid a dhéanamh agus táimid chun na rudaí sin a dhéanamh chomh maith. Baineann sé seo, ní hamháin le Gaolainn í féin mar theanga, ach lenár gcultúr, lenár n-oidhreacht agus lenár bpaisean don dtír seo. Is áiféasach an scéal é ná fuil na húdaráis sásta aitheantas a thabhairt dár teanga san Eorap. Dá bharr san, tá na cumainn Gaelacha sa choláiste (An Chuallacht, An Cumann Drámaíochta agus Cumann an Cheoil Traidisiúnta) tar éis teacht le chéile, maraon le scata eile, chun CRUINNIÚ POIBLÍ a chur ar bun do dhaoine go mbeadh suim iontu san ábhar tábhachtach seo. Beimid ag tnúth le tuairimí conas gur féidir linn dul chun cinn a dhéanamh ar an ábhar agus chomh maith le sin, dul go Baile Átha Cliath le hagóid a dhéanamh i Mí na Márta. Bígí ann! Tacaigh lenár bhfeachtas!

The people with love for Irish in this college are not at all happy about this situation. We can do a lot about it and we will. This issue deals not only with Irish as a language, but as part of our culture, our heritage and for the passion we have for our country. It is disgraceful that the authorities are not promoting Irish as an official language in the EU. As a result of that, the Irish societies in UCC, namely An Chuallacht, An Cumann Drámaíochta and Cumann an Cheoil Traidisiúnta, have come together, as well as many other people, to organise a public meeting for those who are interested in discussing this important topic. We are looking for opinions as to how to progress with a campaign to gain recognition for our language. We also hope to organise a peaceful demonstration to Dublin in March. Be there and support our campaign!

Don't be shy, we will welcome people from all walks of life, all nationalities and those with brilliant Irish or indeed none at all.

CRUINNIÚ POIBLÍ

Public Meeting

STÁDAS NA GAEILGE SAN AE

Status of Irish in the EU

6.00pm

DÉ CÉADAOIN, 18^ú FEABHRA 2004

Wednesday, 18th February 2004

BOOLE 4

FÁILTE ROIMH CHÁCH

All Welcome